INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2020

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí spóirt, scríobh litir chuig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Bóthar Nua, Cill Airne, Contae Chiarraí ag lorg deontais chun halla spóirt nua a oscailt sa scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig Bainisteoir na Comhairle Contae i do chontae, ag gearán faoin gcinneadh a rinne an Chomhairle Contae cead pleanála a thabhairt d'ionad siopadóireachta in aice leis an scoil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Be careful there, children. The footpath is slippery.
(b) Take off your coat, Seán and hang it up.
(c) Show me your homework copy, Máire.
(d) How many children are absent today?
(e) Drink up your milk, children.
(f) Caitríona! Did you see what happened?
(g) Don't say that to anyone, Brendan.
(h) Finish that tonight, children.
(i) Put on your coats, children.
(j) That God may bring you home safely, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Paul. Can I speak to you for a minute?
Teacher: You can. I'm on my way out to the yard.
Principal: I will walk out with you. I want to speak to you about our Physical Education equipment.
Teacher: Do you think that we need to buy a few new things?
Principal: Well! There was a meeting of the Board of Management last night and money is available.
Teacher: Well! We need a couple of new basketballs.
Principal: Will you make out a list of things we need when you get a chance?
Teacher: I will do that at the week-end. I will give it to you on Monday morning.
Principal: That will be great. I am very grateful to you.
Teacher: You're welcome. I'll see you later.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Sheáin agus a Éadaoin! Ná (bí) _____ ag pleidhcíocht.
2. A Dhaire! (Dáil) _____ amach na cóipleabhair anois.
3. Níor (cuimhnigh) _____ Caitlín ar a cóta inné.
4. Ní (seinn: sibh) _____ an fheadóg stáin gach lá.
5. Ar (clois: tú) _____ an Nuacht ar an raidió aréir?
6. (Cláraigh: siad) _____ do ranganna ceoil gach bliain.
7. Nach (faigh: sí) _____ torthaí na scrúduithe amárach?
8. An (téigh: sé) _____ go Baile Átha Cliath inné?
9. (Críochnaigh: sí) _____ an phéinteáil sa bhaile, dá mbeadh an t-am aici.
10. Dá mbeinn tinn, (fan: mé) _____ sa leaba.
11. (Ith: sinn) _____ lón ar a haon a chlog amárach.
12. (Ordaigh) _____ na téacsleabhair nua inné.
13. (Ith) _____ uibheacha Cásca de ghnáth ag an am seo den bhliain.
14. Deir Tomás (ullmhaíonn) _____ sé an dinnéar gach lá.
15. Dúirt Dáithí (ní dhearna) _____ sé a obair bhaile inné.
16. Dúirt Orla (cuirfidh) _____ sí glao ar a cara amárach.
17. Is aoibhinn le Nóra a (bí) _____ ag imirt peile.
18. Tá na haisteoirí ar fad (roghnaigh) _____ ag an stiúrthóir don cheoldráma.
19. Dá (bí) _____ sneachta ar an talamh, dhéanfainn fear sneachta.
20. Má (cabhraigh) _____ Dairíne leat, beidh críochnaithe agat leis an obair go luath.

An Chopail:

21. Is (fiaclóir) _____ é Eoin.
22. An (iad) _____ Derek agus Seosamh na peileadóirí is fearr?
23. Nár (ceoltóir) _____ í Áine?
24. Níorbh (í) _____ Deirbhile Príomhoide na scoile sin.

An tAinmfhocal

25. Tá an (bord [fir.])_____ sin ró-mhór.
26. Beidh an aimsir fliuch an (seachtain [bain.]) _____ seo chugainn.
27. Chuir mé an tsubh (i: an cófra) _____.

28. Bheadh ríméad ar (na buachaillí) _____ dá mbuafaidís an cluiche.
29. Rachaidh sí ar a laethanta saoire ag tús (an samhradh) _____.
30. Rachaidh mé ag siúl faoi sholas (an ghealach)_____.
31. Cuirigí bhur n-ainmneacha ar chlúdach (na cóipleabhair) _____.
32. Beidh cruinniú ag Cumann (na Tuismitheoirí) _____ amárach.

An Aidiacht

33. Is í mí na Bealtaine an mhí (is: breá) _____.
34. Tá Gearóid (níos: óg) _____ ná Micheál.

An Aidiacht Shealbhach

35. Bhí Donncha ag labhairt (le: mo: athair) _____.
36. Tá Muireann (i: a: ball) _____ d'fhoireann peile na scoile.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Táim an-bhuíoch (de: sibh) _____.
38. Cuir (ar: tú) _____ do chóta, a Phádraig.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Laoise! Beidh an dráma ar siúl thíos ar an gcéad urlár. An dtógfaidh tú do rang _____ chuige anois?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá sé ag cur báistí amuigh. Fanfaimid _____ ag am lóin.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: _____.
42. Cé mhéad (cathaoir) _____ atá ag teastáil?
43. Tháinig Sadhbh sa dara (áit) _____ sa rás rámhaíochta.
44. Tá beirt (fear) _____ ag obair sa pháirc.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa uatha den bhriathar 'dáil'.

_____.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an tríú pearsa iolra den bhriathar 'suigh'.

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'feic'.

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'dúnfar'.

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'thabharfá'.

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'sábhálfaidh sí'.

_____.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Dialann Deoraí*, le Dónall Mac Amhlaigh, An Clóchomhar Teoranta, 1960, 128-129.

Lá Fhéile Pádraig. Chuir mé ruainnín seamróige i gcába mo chóta agus bhuail mé síos chuig Aifreann a naoi i gCamden Town. Bhí teach an phobail ag cur thar maoil agus bhí an tseamróg dhílis á caitheamh ag chuile dhuine, fiú ag cuid de na Gréagaigh agus na hIamáicigh atá chomh líonmhar sa bhaile sin. Bím chomh haerach le fuiseog chuile Lá Fhéile Pádraig, agus nuair a chroch an pobal suas 'Hail Glorious St. Patrick' d'at an croí istigh ionam le teann bróid as mo chine féin. Bheadh an tseamróg á caitheamh ag na céadta míle duine ar fud an domhain inniu in ómós don naomh agus don tír as ar shíolraigh siad…

Ní bhfaighfeá áit siúil taobh amuigh ar an tsráid tar éis an Aifrinn ag Éireannaigh ag cruinniú le chéile agus ag déanamh 'game'. Tagann na céadta isteach ón tír le haghaidh na Féile Pádraig agus ní imíonn…arís go mbíonn chuile phingin caite acu. Casadh Clann Mhic Aindriú agus Jim Gannon orm chomh luath is a sheas mé amuigh ar an tsráid, agus…chuaigh muid síos chuig Tigh Phanó go mbeadh greim le hithe againn…B'fhada linn go n-osclódh na tithe ósta, agus nuair a d'oscail bhí muid istigh sa Bhlack Cap ar an gcéad dream. Leag muid ar an 'stout and mild' go tréan agus ní raibh sé i bhfad go raibh muid súgach go leor.

Chuaigh muid suas chomh fada leis an mBedford Arms, mar is ann a bhíos an ceol is fearr á chasadh. Fuair muid ár ndóthain le déanamh an cuntar a bhaint amach lena raibh istigh romhainn. Bhí an bhuíon cheoil ar fheabhas, dhá veidhlín, cairdín agus concertina, feadóg mhór, agus péire de na rudaí sin a mbíonn drumadóirí ag baint torainn astu, agus ligfeadh na buachaillí…béic fhiáin astu de réir mar a bhí an ceol is an t-ól á gcur ar meisce. Is gearr go raibh an mac seo chomh dona le fear ar bith. Bím ar an gcaoi sin i gcónaí nuair a airím ceol Gaelach á chasadh…

Ag deireadh an lae, chuaigh mé suas chuig an damhsa sa Galway Social Club i nGreenland Street…bhí damhsóirí beaga deasa anall as Éirinn ann, agus bhí an bhuíon cheoil thar cionn. Dhamhsaigh mé an Staicín le bean álainn as Carna agus chuaigh mé amach i mBaint an Fhéir freisin. Ach níl an dúil chéanna sna damhsaí sin agam is a bhí nuair a bhínn ag dul ar chéilí an Spidéil fadó…tháinig sórt cumha orm ansin agus níor shantaigh mé spraoi ná comhluadar ní ba mhó… bhuail mé amach agus shiúil mé go King's Cross, mar a bhfuair mé bus abhaile.

Buntuiscint:

1. Cén comhartha a chaith an t-údar ar a chóta in onóir Naomh Pádraig?
2. Cé a chuaigh in éineacht leis an údar go Tigh Phanó?
3. Cén fhianaise atá sa sliocht gur bhain an lucht éisteachta taitneamh as an gceol sa Bedford Arms?

Tuiscint liteartha:

1. Sa séipéal, céard a mhúscail bród as muintir na hÉireann san údar?
2. Ag deireadh an tsleachta, cén fáth ar mhothaigh an t-údar uaigneach?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *An Foghlaimeoir Fásta* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le hAlan Desmond, Comhar Teoranta, 2006, 54-57.

Dhúisigh Biddy ag a leathuair tar éis a seacht. D'éirigh sí as an leaba agus chuir sí uirthi a cuid éadaí…Síos an staighre léi agus a coiscéim éadrom. Chuir sí an citeal ar fiuchadh agus d'ullmhaigh sí an bricfeasta níos tapa ná mar a d'ullmhaigh sí é ó bhí na buachaillí ag dul ar scoil.

Agus an bricfeasta á ithe aici chuir sí Raidió na Gaeltachta ar siúl. Bhí an ceart ag Mánas. Bíonn sé deacair ar dtús. Níor bhain sí aon chiall as caint an láithreora. Ach níor chuir sin beaguchtach uirthi. Ní raibh sí ach ina foghlaimeoir Gaeilge. Thiocfadh feabhas uirthi de réir a chéile.

Ag leathuair tar éis a hocht chuaigh sí isteach go dtí siopa Phat. Bhí slua mór daoine sa siopa ag an am sin den mhaidin. Bhí scuaine fhada laistiar di nuair a chuaigh sí go dtí an cuntar chun íoc as an bpáipéar nuachta.

"Níor bhuail tú isteach chugam chomh luath seo ó bhí na buachaillí ar scoil," arsa Pat agus é ag glacadh le praghas an pháipéir uaithi.

"Feicim go bhfuil tú gnóthach, a Phat, mar sin ní chuirfidh mé do chuid ama amú. Beidh an rang Gaeilge ag tosú ar a sé a chlog tráthnóna amárach. Buailfidh mé leat anseo ag leathuair tar éis a cúig agus tabharfaidh mé síob duit i mo ghluaisteán."

"An ag magadh fúm atá tú?" arsa Pat go hamhrasach.

"Nílim ag magadh fút," arsa Biddy go diongbháilte. "Dúirt tú go raibh spéis agat rang Gaeilge a dhéanamh. Chláraigh mé an bheirt againn do rang Mhánais a bheidh ar siúl amárach. Mhol Mánas dúinn píosa gearr a ullmhú fúinn féin mar obair bhaile ach mura bhfaigheann tú an t-am é sin a dhéanamh, ná bí buartha faoi."

"Cén costas a bheidh ar an rang seo?" a d'fhiafraigh Pat.

"Fiche euro in aghaidh na huaire an táille atá ar na ranganna. Feicfidh mé amárach thú ag leathuair tar éis a cúig. Bí réidh! Ní bhuailfidh mé isteach chugat maidin amárach. Ní bheidh an t-am agam an páipéar a léamh mar beidh mé ag ullmhú don rang! Tabhair aire."

Chaoch Biddy súil ar Phat, shiúil sí amach as an siopa agus chuaigh sí ar ais chuig a gluaisteán. Thiomáin sí i dtreo lár na cathrach. Nuair a bhí an gluaisteán páirceáilte ag Biddy arís shiúil sí i dtreo Shiopa na Gaeilge. Theastaigh uaithi na hábhair a bhí riachtanach don rang Gaeilge a cheannach…Bhí fógra ar crochadh i Siopa na Gaeilge: "Labhraítear Gaeilge anseo. Díoltar leabhair Ghaeilge anseo. Beidh fáilte roimh an nGaeilge anseo." Níor thuig sí gach focal ach bhí a fhios aici go raibh leabhair Ghaeilge ar díol sa siopa agus go bhféadfadh sí labhairt as Gaeilge anseo…

Buntuiscint:

1. Céard a rinne Biddy tar éis di teacht anuas an staighre?
2. Conas go bhfuil a fhios agat nár thuig Biddy gach rud ar Raidió na Gaeltachta?
3. Conas a rachaidh Biddy agus Pat chuig an Rang Gaeilge?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh tóir ar shiopa Phat?
2. Céard faoi a raibh amhras ar Phat?

(10 marc)